



Ceapachán Stiúrthóra um Fhorbairt Lucht Spéise
agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara



Ábhar

Fáilte	3
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	5
Misean agus Luachanna	6
Tosaíochtaí Straitéiseacha	7
An Bailiúchán	8
An Bailiúchán Náisiúnta Portráidí	9
Taispeántais	9
Rannpháirtíocht an Phobail	10
Rialachas	10
Cuspóirí Carthanachta	11
Spriocanna Carthanachta	11
An Máistirphlean Forbartha	11
Ár dtiomantas do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht	13
Ról an Stiúrthóra um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara	14
Téarmaí Ceapacháin	22
Conas Iarratas a Dhéanamh	23
Struchtúr na hEagraíochta	25
Creidiúintí Grianghrafadóireachta	26

Fáilte

A larrthóra, a chara,

Is áit an-speisialta é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. Is é an t-aon gailearaí poiblí sa domhan é ar féidir leat an ealaín is fearr de chuid na hÉireann agus ealaín idirnáisiúnta, ón Meánaois go láthair na huaire, a fheiceáil le chéile. Tá ár mbailiúchán comhdhéanta de níos mó ná 19,000 saothar - pictiúir, líníochtaí, pictiúir uiscedhatha, mionsamhlacha, priontaí, dealbha, agus saothair mhaisiúla, lena n-áirítear sárshaothair de chuid go leor de na healaíontóirí is cáiliúla i stair ealaíne iarthar na hEorpa. Tá acmhainn ealaíne is luachmhaire ár n-oileáin faoinár gcúram: bailiúchán den chéad scoth de phictiúir, líníochtaí agus dealbha.

Áirítear ann sárshaothair de chuid Caravaggio, Fontana, Vermeer, Goya, Monet, Picasso, an bailiúchán is ionadaíche ar phictiúir de chuid na hÉireann ná mar atá ar fáil in aon áit eile chomh maith le cartlann a bhaineann le forbairt ealaíne idirnáisiúnta agus de chuid na hÉireann, cartlann atá ag leathnú. Is fúinn atá sé a chinntiú go gcaomhnófar na bailiúcháin sin don ghlúin seo, agus do na glúnta atá le teacht, go sroichfidh siad agus go bhfreastalóidh siad do

riachtanais ár lucht spéise atá ag athrú – agus ag dul i méid – i ndomhan atá fisiciúil agus digiteach araon.

Tá an Gailearaí ar cheann de na nithe is mó is díol spéise do chuairoteoirí in Éirinn. Fáiltimid roimh breis agus milliún cuairteoir gach bliain chuig ár suíomh ar Chearnóg Mhuirfean, i gcroílár Bhaile Átha Cliath. Faigheann na taispeántais agus cláir oideachais dár gcuid ardmholadh náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Táimid ag obair ar bhonn méadaitheach le pobail ar fud na hÉireann. Tá sé ríthábhachtach go gcreidfí daoine ar fud an oileáin gurb é seo a mbailiúchán agus go bhfreastalaíonn sé dóibh. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach go leanfaimid ar aghaidh ag oibriú go hidirnáisiúnta, le caidreamh agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt le músaeim, bailiúcháin, agus le daonchairde in Éirinn agus thar lear.

Is am iontach é seo le bheith ag teacht isteach i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann. Táimid i mbun Phlean Straitéiseach uailmhianach agus muid ag ullmhú chun ár 175ú bliain ar an bhfód a cheiliúradh in 2029. Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi in ann

cur leis an tslí a ndéanfaimid an mhórocáid sin a cheiliúradh, agus go háirithe leis an tslí a mbreathnóimid i dtreo todhchaí an Ghailearaí. Áirítear air sin pleananna an Ghailearaí le haghaidh Ionad Oideachais, Taighde agus Caomhnaithe ar an láthair i mBaile Átha Cliath a chur chun cinn, ionad a bheidh lárnach maidir leis an tslí mbíimid ag obair lenár lucht spéise, agus an tslí a ndéanaimid cúram do agus a roinnimid ár mbailiúchán agus clár ar an láthair, feadh ár n-oileáin, agus sa domhan.

Beidh ról ceannaireachta ríthábhachtach agat i ndáil leis an tslí a nascann an Gailearaí le lucht spéise, comhpháirtithe, agus le lucht tacaíochta ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhúnlú. Ní minic a bhíonn deis mar sin ann le mór-thionscnaimh straitéiseacha a chur chun cinn, lena n-áirítear an lucht spéise a mhéadú, infheictheacht branda, daonchairdeas, agus forbairt tráchtála agus ag an am céanna cur go díreach le fíis fhadtéarmach an Ghailearaí mar chuid den Fhoireann um Cheannaireacht Fheidhmiúcháin. Cuirfidh tú ceannaireacht straitéiseach ar fáil feadh réimse leathan ina gclúdófar margaíocht, cumarsáid, tiomsú airgid, eispéireas cuairteoirí, agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, ag cinntiú go gcuirfear

misean agus luachanna an Ghailearaí in iúl go soiléir agus le tionchar ar lucht spéise éagsúil.

Oibreoidh tú go dlúth liom féin, le comhaltaí eile dár bhFoireann um Cheannaireacht Fheidhmiúcháin (ELT), agus le bainisteoirí sinsearacha, chomh maith lenár mBord Gobharnóirí agus Caomhnóirí, an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt – ár n-urraitheoir rialtais agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW).

Ceapadh mé i mo Stiúrthóir ag deireadh 2022, an chéad bhean sa ról sin. Táim bródúil a bheith i gceannas ar phríomh-mhúsaem poiblí atá mo spreagadh ón gcéad uair a thug mé cuairt air agus mé i mo dhéagóir. Táim ar thóir Stiúrthóra um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara a oibreoidh in éineacht liom le Gailearaí Náisiúnta rathúil, fuinniúil, éifeachtach agus inbhuanaithe a fhorbairt tuilleadh lena gcuirfear ar ár gcumas níos mó daoine a spreagadh i dtreo na healaíne: anois agus amach anseo.

Táim ag súil le cloisteáil uait.

Is mise le meas,

Caroline Campbell

Dr Caroline Campbell

Stiúrthóir



Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Is é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann príomhfhóras cultúir náisiúnta de chuid na hÉireann agus is ann tá bailiúchán na tíre d'ealaín de chuid na hEorpa agus na hÉireann ó thart ar 1300 AD ar aghaidh. Táimid ag iarraidh iontais an bhailiúcháin seo den scoth a roinnt le cuairteoirí as Éirinn agus thar lear ar shlí fháilteach, ionchuimsitheach agus inrochtana. Tá Leabharlann agus Cartlann mhór ag an nGailearaí freisin.

Is acmhainní tábhachtacha iad an bailiúchán náisiúnta, agus na bailiúcháin chartlainne a bhaineann leis, atá oscailte do chách.

Faoi Stiúirtheoir reatha, an Dr. Caroline Campbell, tá an Gailearaí ag leanúint lena mhisean freastal do shaibhriú agus sásamh ár gcuairteoirí i ndáil le hamharc-ealaín.

Misean agus Luachanna

Misean

Is é ár misean cúram a dhéanamh d'ealaín, í a léirmhíniú, a fhorbairt agus a thaispeáint ar bhealach a fhágann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ina áit spreagúil le taithí a fháil ar ealaín. Tá sé mar aidhm againn eispéireas den scoth a chur ar fáil le spéis agus léirthuisctint san ealaín a spreagadh i ngach duine. Táimid tiomanta daoine agus a n-ealaín a thabhairt le chéile.

Luachanna

- **Ionracas** – Táimid ar aon intinn maidir le rudaí a dhéanamh ar chúiseanna maithe. Táimid anseo leis an eispéireas saibhríthe is fearr is féidir maidir le healaín a chur ar fáil do dhaoine.
- **Oscailteacht** – Bíonn teagmháil dhearfach againn le raon leathan de lucht spéise agus páirtithe leasmhara agus téimid i mbun ár gcuid oibre le smaointe úra. Glacaimid go fonnmhar le héagsúlacht agus le lucht spéise atá ionadaíoch ó thaobh sochaí chomhaimseartha na hÉireann, agus cuirimid comhionannas chun cinn. Tá ar ndoirse oscailte don phobal seacht lá na seachtaine.
- **Cruthaitheacht** – Táimid cruthaitheach agus seiftiúil. Spreagaimid ár lucht spéise trí cur lena gcuid eolais agus sásaimh le fionnachtain agus nuálaíocht.
- **Saineolas** – Táimid tiomanta a chinntiú go roinnfidh iliomad speisialtóirí an Ghailearaí a ngníomhaíochtaí agus a léargais lenár lucht spéise.

Tosaíochtaí Straitéiseacha

- Ár mbailiúcháin bheo a fhorbairt agus cúram a dhéanamh dóibh ar mhaithe le leas an phobail
- Gailearaí Náisiúnta do Chách
- Barr feabhais i ndáil le Seirbhísí Corparáideacha
- Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha



An Bailiúchán

Tá bailiúchán saibhir de níos mó ná 19,000 saothar ealaíne i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann. Cuimsíonn bailiúchán an Ghailearaí réimse staire ealaín an iarthair ó thart ar 1300 AD go dtí an lá atá inniu ann, agus tá ealaíontóirí cáiliúla ó Mantegna agus Rembrandt go Monet agus Picasso san áireamh ann. Tá pictiúir, dealbha, priontaí, líníochtaí, grianghraif, ábhar cartlainne agus bibleagrafach ina ngnéithe de chomh maith le *objets d'art*, gréithe airgid agus troscán.

Tá raon iontach de shárshaothair sa Ghailearaí de chuid ealaíontóirí ó Mhórscoileanna Ealaíne na hEorpa, chomh maith leis an mbailiúchán is cuimsithí ar domhan d'ealaín na hÉireann. I meas na saothar de chuid na hÉireann a bhfuil an-tóir orthu tá *The Marriage of Strongbow and Aoife* le Maclise agus *The Meeting on the Turret Stairs* le Burton. Áirítear Hone, Barry, Hamilton, O'Connor, Lavery, Orpen, Jellett agus Swanzy ar ealaíontóirí eile mór le rá de chuid na hÉireann ann.

Áirítear ar bhuaicphointí idirnáisiúnta saothair de chuid na Spáinne, na hIodáile, na Fraince, na Breataine, na hÍsiltíre agus Fhlóndras le Titian, Caravaggio, Velázquez, Poussin, Vermeer, Ruysch, Goya, Hogarth, Gainsborough, Reynolds, Morisot, agus Van Gogh.

Tá an bailiúchán ollmhór Priontaí agus Líníochtaí comhdhéanta de phriontaí (greanta, eitseálacha, meisitintí, agus liteagraif) sceitsí simplí le peann luaidhe, oibreacha ullmhúcháin do phictiúir, pictiúir uiscédhatha chríochnaithe de radharcanna tíre, portráidí i ngach meán, agus líníochtaí ailtireachta agus topagrafacha. Tá scóip an bhailiúcháin leathan, ag dul ón 15ú haois go dtí an lá atá inniu ann. Áirítear ar bhuaicphointí líníochtaí de chuid na hIodáile, na Fraince, na hÍsiltíre agus Fhlóndras agus saothair ealaíontóirí de chuid na hÉireann agus na Breataine ón 17ú haois go dtí an lá atá inniu ann.

An Bailiúchán Náisiúnta Portráidí

Téann bunús an Bhailiúcháin Náisiúnta Portráidí siar chomh fada le 1875. Forbraíodh an bailiúchán i gcaitheamh na mblianta nuair a cuireadh pictiúir, líníochtaí, pictiúir uiscédhatha agus dealbha ag léiriú pearsaí mór le rá a chuir le saol saoránaigh, sóisialta, agus cultúir an oileáin.

Since 1998, cuireadh leis an mBailiúchán le sraith portráidí de phearsaí mór le rá ó shaol comhaimseartha na hÉireann a coimisiúnaíodh. Leis an Duais Portráide bhliantúil, a seoladh in 2014, cuireadh tuilleadh leis an mBailiúchán mór seo. Bronnann an Gailearaí Duais Portráide AIB agus Duais Portráide AIB do Dhaoine Óga gach bliain i mBaile Átha Cliath anois agus téitear ar chamchuairt chuig ionaid réigiúnacha ar fud na hÉireann.

Taispeántais

Bíonn clár spreagúil agus saibhir de thaispeántais ardmholta ar siúl ag an nGailearaí i rith na bliana le healaíontóirí as Éirinn agus thar lear, mar Johannes Vermeer, Rembrandt Harmenszoon van Rijn, Peter Paul Rubens, William Orpen, J.M.W. Turner, John Lavery, Lavinia Fontana, Mainie Jellett, Evie Hone agus Pablo Picasso. Bíonn an Gailearaí ag plé le healaíontóirí comhaimseartha freisin, lena n-áirítear Hughie O'Donoghue, John Minihan, Alice Maher, Dorothy Cross, agus James Coleman.



Rannpháirtíocht an phobail

Ó léirithe taibhseacha Flamenco go hardán a thabhairt do chumas ár ndaoine óga i nDuais Portráide AIB do dhaoine óga, ár gCláir do Scoileanna agus don Óige, agus Cúrsaí Léirthisceana Ealaíne ar líne, tá an Gailearaí ag leanúint ar aghaidh ag cur le rannpháirtíocht lucht spéise éagsúil agus é sin a fheabhsú, ag cinntiú go bhfuil daoine, idir shéan agus óg agus ar gach cumas, in ann idirghníomhú le cláir an Ghailearaí, más ar an láthair, lasmuigh den láthair nó ar líne atá siad.

Tagann an clár gníomhaíochtaí leis na taispeántais agus le bailiúchán buan an Ghailearaí agus bímid ag obair freisin le healaíontóirí comhaimseartha, le forais chultúir eile, le comhoibrithe agus comhpháirtithe ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta chun cur le rannpháirtíocht an phobail leis an nGailearaí. Tá figiúirí rannpháirtíochta an lucht spéise ar líne ag leanúint ar aghaidh ag méadú.

Rialachas

Bunaíodh an Gailearaí le hAcht Parlaiminte i mí Lúnasa 1854 ('Acht 1854') agus osclaíodh é deich mbliana ina dhiaidh sin. Agus é ina fhoras cultúir náisiúnta féinrialaitheach, oibríonn an Gailearaí faoi choimirce na Roinne Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Faoina reachtanna, cuirtear gnóthaí an Ghailearaí faoi chúram Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí atá freagrach as polasaithe agus maoirseacht.

Tá an Stiúrthóir, a bhíonn i mbun oibríochtaí an Ghailearaí ó lá go lá a bhainistiú, freagrach don Bhord Gobharnóirí. Is iad an Fhoireann um Cheannaireacht Fheidhmiúcháin an fóram cinnteoireachta sinsearach laistigh den Ghailearaí agus téitear i gcomhairle leo maidir le saincheisteanna tábhachtacha straitéiseacha, polasaithe agus oibríochta.

Cuspóirí Carthanachta

- Oideachas a chur chun cinn.
- Críocha eile a théann chun leasa an phobail.
- Na healaíona, cultúr, oidhreacht, nó na heolaíochtaí a chur chun cinn.
- Na daoine sin atá faoi mhíbhuntáiste a lánpháirtiú, agus a rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí a chur chun cinn.

Spriocanna Carthanachta

Mar a leagtar amach in Alt 60 – Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997:

- Eolas ar na hamharcealaíona a mhéadú agus a scaipeadh taobh istigh nó taobh amuigh den Stát cibé slí a mheasann siad is iomchuí.
- Gabháil do cibé gníomhaíochtaí chun críche cistí a chruinniú chun críocha an Ghailearaí Náisiúnta de réir mar is iomchuí leo.

An Máistirphlean Forbartha

Le hathchóiriú an Ghailearaí idir Márta 2011 agus 2016, faoi Chéimeanna 1, 2 agus 3 den Mháistirphlean Forbartha (MFP), bhíodhas in ann sruth na gcuariteoirí trí na gailearaithe a fheabhsú, le sásamh a bhaint as leagan amach nua níos mó ná 650 saothar, agus leis an áitreabh stairiúil a thabhairt chuig caighdeán ghailearaí ealaíne nua-aimseartha san Eoraip. Is iad an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus

Gaeltachta, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, agus Oifig na nOibreacha Poiblí a chómhaoinigh an tionscadal. Is é Ionad Oideachais, Taighde agus Caomhnaithe ar an láthair a sheachadadh críoch an Mháistirphlean Forbartha, a nascóidh agus a mhéadóidh ár gcampas i lár na cathrach. Leis sin, cuirfear ar fáil tuilleadh gailearaithe taispeántais agus bailiúcháin, spásanna tiomnaithe oideachais agus rannpháirtíochta don

bhreis agus 400,000 cuairteoir sa bhliain a bhaineann leas as na cláir oideachais atá againn, stiúideonna saintógtha do chúram agus do chaomhnú bailiúchán, agus áiseanna nua le go mbeidh rochtain níos forleithne ar an leabharlann agus cartlann ealaíne is mó in Éirinn. Tá sé á bheartú freisin na trí theach cathrach Seoirseach ina bhfuil go leor d'oifigí an Ghailearaí a athchóiriú.


Is éard is aidhm leis an Máistirphlean Forbartha Gailearaí Náisiúnta na hÉireann a fhorbairt le go bhféadfaimid freastal níos fearr dár lucht spéise in Éirinn agus thar lear. Is deis fhéideartha é an leathnú sin cur le líon na gcuairteoirí amach anseo, chomh maith le lorg an Ghailearaí a mhéadú go mór de bhreis agus 21,600 méadar cearnach.



Ár dtiomantas do Chomhionannas, Éagsúlacht, agus Ionchuimsitheacht

Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann tiomanta d'inrochtaineacht, do chomhionannas, agus d'ionchuimsitheacht. Oibrímid lena chinntiú nach ndéanfar idirdhealú ar aon duine faoi aon cheann de na forais a dhéantar a chosaint faoi reachtaíocht comhionannais na hÉireann. Aithnímid freisin go bhféadfaidh bacainní breise a bheith ar dhaoine a bhaineann le míchumas, bochtaineacht, eisiámh sóisialta, nó rochtain gheografach, agus déanaimid ár ndícheall iad a bhaint nuair is féidir. Tá ár bhfócas ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht fite fuaite in obair uile an Ghailearaí agus bíonn tionchar aige ar an teagmháil a bhíonn againn lenár gcuariteoirí, lenár bhfoireann agus lenár bpobal.

Féach, le do thoil, ar an gcairt atá ar leathanach 25 lena léirítear struchtúr eagraíochtúil an Ghailearaí.



Ról an Stiúrthóra um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Is mian leis an nGailearaí Stiúrthóir um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara a earcú ar bhonn buan. Agus é nó í freagrach do Stiúrthóir an Ghailearaí, maoirseoidh agus forbróidh an Stiúrthóir um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara na feidhmeanna seo a leanas: Ainilísíocht agus Forbairt Margaíochta agus Lucht Spéise, Cumarsáid, Tráchtáil, Forbairt agus Cairde, Foilseacháin agus Íomhánna, agus Eispéireas Cuairteoirí. Chomh maith leis sin beidh sé nó sí i mbun maoirseachta ceannaireachta agus bainistíochta ar an rannán.

Príomhdhualgais

Déanfaidh Stiúrthóir um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara na nithe seo a leanas:

- A bheith i mbun ceannaireachta ar fhoirne agus ar fheidhmeanna uile an Rannáin um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara ag obair go dlúth leis an Stiúrthóir, le comhaltaí eile den Fhoireann um Cheannaireacht Fheidhmiúcháin agus comhpháirtithe lárnacha laistigh mar aon le lasmuigh den eagraíocht.
- Cur le ceannaireacht straitéiseach agus oibríochtúil na heagraíochta mar chomhalta den Fhoireann um Cheannaireacht Fheidhmiúcháin.
- Oibriú go dlúth leis an Stiúrthóir agus leis an bhFoireann um Cheannaireacht Fheidhmiúcháin maidir dul chun cinn an Mháistirphlean Forbartha trí straitéisí maidir le lucht spéise, tiomsú airgid, agus páirtithe leasmhara a ailíniú le huaillmhianta infreastruchtúir fadtéarmacha an Ghailearaí.
- A bheith freagrach as péire de na tosaíochtaí straitéiseacha i bPlean Straitéiseach 2024-2028 an Ghailearaí a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm:

Gailearaí Náisiúnta do chách

Cultúr ionchuimsitheachta, éagsúlachta agus comhionannais a chothú dár lucht spéise, dár bpáirtithe leasmhara agus dár ndaoine uile.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

A bheith i gceannas ar fhorbairt agus ar fhorás comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta feadh na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha.

- Ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil le heispéireas cuairteoirí den chéad scoth a chinntiú feadh na n-ardán uile – ar an láthair, lasmuigh den láthair, ar líne agus i bhfoilseacháin.
- Cur i bhfeidhm an chéad Straitéis Lucht Spéise (2025–2028) de chuid an Ghailearaí a mhaoirsiú agus a mheas.
- Forbairt Pleananna Bliantúla um Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara, lena gcuirfear tionchar, tosaíochtaí agus dul chun cinn an Ghailearaí in iúl do chomhpháirtithe, lucht maoinithe agus comhlachtaí poiblí lárnacha, a mhaoirsiú mar chuid de thosaíocht na gComhpháirtíochtaí Straitéiseacha.
- Forbairt agus feidhmiú Phlean um Fhorás Ioncaim fadtéarmach a mhaoirsiú, ina gcuimseofar cleachtais tráchtála agus forbartha inbhuanaithe.
- Athruithe cultúir agus eagraíochtúla a mhaoirsiú, lena gcuirfear smainteoireacht dírithe ar an lucht spéise, daonchairdeas, agus feasacht tráchtála i bhfeidhm go daingean feadh an Ghailearaí, tacú le próisis, cleachtais agus dearcaí nua a bheidh riachtanach d'fhorás ioncaim inbhuanaithe.
- Forbairt agus seachadadh na mórthionscnamh daonchairdis agus caipitil a bheidh riachtanach chun tacú leis an Máistirphlean Forbartha agus tosaíochtaí straitéiseacha eile a mhaoirsiú.
- Feidhmiú mar ghníomhaire d'athruithe, ag léiriú géire intinne agus breithiúnais i ndéanamh polasaithe agus i bhforbairt clár.
- A chinntiú go mbeidh fíis agus luachanna an Ghailearaí mar bhonn taca ag gach caibidlíocht tráchtála.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Ghailearaí ag raon imeachtaí agus cruinnithe poiblí, ag bunú agus ag cothabháil sár-chaidreamh go himmheánach agus go seachtrach.
- Feidhm an Eispéiris Chuaireoirí a mhaoirsiú le barr feabhais a chinntiú mair le seirbhís do chuaireoirí ar an láthair, inrochtaineacht, agus cúram lucht spéise.
- Buiséid rannáin agus na sruthanna móra ioncaim uile a mhaoirsiú.

- A bheith rannpháirteach i gcruinnithe coistí Boird de réir mar is gá.
- Cur le feachtas maidir leis an nGailearaí, idir bhailiúcháin agus chlár, trí ghníomhaíochtaí éagsúla – caidreamh leis na meáin, go traidisiúnta agus go digiteach araon, margaíocht agus fógraíocht – le sprioclucht spéise náisiúnta agus idirnáisiúnta a shroicheadh.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chruthú agus cur i bhfeidhm straitéis margaíochta agus plean margaíochta, meán, agus rannpháirtíochta comhtháite agus nuálaíoch don Ghailearaí.
- Clár caidreamh meán agus abhcóideachta poiblí a mhaoirsiú agus comhaontais mhargaíochta straitéiseacha a fhorbairt.
- Aitheantas láidir maidir le branda an Ghailearaí agus lucht spéise nua a spreagadh.
- Deiseanna a chuirfidh le próifíl an Ghailearaí a lorg agus a fhorbairt.
- Cuir chuige éagsúla a fhorbairt maidir le rannpháirtíocht lucht spéise atá ann agus sprioclucht spéise nua.
- Obair agus comhoibriú tras-roinne a chothú trí dhlúth-chomhoibriú le an Rannán Bailiúchán agus Taighde agus Rannán na Seirbhísí Corparáideacha.
- A chinntiú go rachfar i mbun gach gníomhaíochta i gcomhréir le polasaithe ábhartha an Ghailearaí.
- Dul i mbun dualgas eile arna n-aithint agus arna na n-éileamh ag an Stiúrthóir.



Sonraíocht an Duine

Beidh an taithí agus na cáilíochtaí ábhartha mar a leagtar amach thíos ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi:

- Cáilíocht tríú leibhéal i Margaíocht agus Cumarsáid, Staidéar Gnó, Bainistiú Gailearaí, nó i ndisciplín gaolmhar.
- 10 mbliana taithí le déanaí i mbainistíocht shinsearach agus i ról cheannaireachta in eagraíochtaí meánmhéide nó eagraíochtaí móra.
- Cumas a bheith i gceannas ar fhoirne ardfheidhmíochta in eagraíochtaí den sórt céanna, meantóireacht a dhéanamh orthu agus iad a spreagadh.
- Fianaise maidir le bheith i gceannas ar thionscadail eagraíochtúla ardphróifíl a chur i bhfeidhm.
- Cumas dul i gcomhar agus oibriú go comhoibríoch le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- Taithí maidir le hanailís straitéiseach a dhéanamh ar fheidhmíocht eagraíochtúil agus tuairisciú ina leith.
- An cumas a léiriú go bhféadfá a bheith i d'urlabhraí thar ceann an Ghailearaí.
- Géire intinne tráchtála de scoth, sárscileanna maidir le caidrimh a bhainistiú, fadhbanna a réiteach, ceannaireacht, agus dul i bhfeidhm ar dhaoine, chomh maith le hacmhainneacht, treallús agus ionracas.
- Taithí a bheith ag obair san Earnáil Phoiblí nó a bheith ag obair go dlúth leis an Earnáil Phoiblí.
- Taithí a bheith ag obair le Boird agus a gCoistí.
- Tuiscint shoiléir a léiriú maidir leis na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le foras cultúir.
- Dea-theist maidir breithiúnas gairmiúil stuama a chur i bhfeidhm.
- Cumas guaim a choinneáil air nó uirthi féin ag obair faoi bhrú agus sprioc-amanna dochta le baint amach go beacht agus le mionchruinneas.
- Eitic oibre láidir, solúbtha agus dírithe ar thorthaí.
- Cur chuige dearfach, réamhghníomhach, in ann déileáil le dálaí éagsúla le díograis agus spéis maidir le bheith ag obair i bhforas cultúir a bhfuil cáil idirnáisiúnta air.

- Eolas maith ar threochtaí reatha agus cinn atá ag teacht chun cinn maidir le tionscnaimh lucht spéise, tráchtála, agus forbartha sna hearnálacha cultúir, oidhreacht agus ealaíon in Éirinn agus thar lear.
- Inniúlacht i dTeicneolaíocht Faisnéise chomh maith le heolas praiticiúil ar na meáin shóisialta agus sárscileanna idir scileanna láithreoireachta agus scríobh.
- Feasacht agus suim tríd is tríd maidir le forbairt agus rathúlacht chláir tráchtála, forbartha, margaíochta agus um fhorbairt lucht spéise an Ghailearaí.

Scileanna, Tallann agus Cumais:

Ceannaireacht agus Treorú Straitéiseach

- Ceannas a ghlacadh ar an bhfoireann, ag leagan ardchaighdeán síos agus a dul i ngleic le ceisteanna feidhmíochta.
- Malartú smaointe oscailte a éascú agus cultúr cumarsáide oscailte a chothú.
- Cur le straitéis agus polasaí Rannóige agus Rialtais a mhúnlú.
- Cur le hábaltacht agus acmhainn trí tharmligean éifeachtach agus dul i mbun oiliúna agus tugann aiseolas tairbheach.
- Ceannas a ghlacadh ar ullmhúchán i ndáil le hathrú agus leasú nach beag agus é sin a chur i bhfeidhm.
- A bheith ag súil le forbairtí earnála nó timpeallachta go ginearálta agus freagairt dóibh go tapa.
- A bheith ag obair go gníomhach i gcomhar le Rannóga, eagraíochtaí, agus gníomhaireachtaí eile.

Breithiúnas agus Cinnteoireacht

- Saincheisteanna lárnacha a aithint i gcásanna casta agus díriú orthu.
- Fíricí a chur le chéile, anailís a dhéanamh ar fhaisnéis agus smaoineamh ar shaincheisteanna ar shlí loighciúil.
- An gaol idir saincheisteanna chomh maith le himpleachtaí sochpholaitiúla ardleibhéil a thuiscint.
- Réitigh chiallmhara ar fhadhbanna casta a aithint.
- Dul i mbun gnímh gan mhoill agus cinntí a dhéanamh le muinín agus le misneach.

Torthaí a Bhainistiú agus a Sheachadadh

- Freagracht phearsanta a ghlacadh as torthaí agus seirbhísí a sheachadadh.

- Cothromaíocht a fháil ar éilimh straitéiseacha agus oibríochtúla le freagairt do riachtanais ghnó.
- Go leor clár oibre a bhainistiú agus acmhainní a athdháileadh de réir mar a athraíonn tosaíochtaí.
- Úsáid acmhainní a uasmhéadú agus bearta feidhmíochta a chur i bhfeidhm le haidhmeanna a bhaint amach.
- Úsáid éifeachtach na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus samhlacha seachadta nua a chinntiú.
- Tionscadail agus gníomhaíochtaí a athbhreithniú go géar chun éifeachtacht agus ailíniú le riachtanais eagraíochtúla a chinntiú.
- Bearta éifeachtúlachta, luach ar airgead agus rialachas corparáideach láidir a chur chun cinn.
- A chinntiú go bhfanfaidh an fhoireann dírithe ar thosaíochtaí plean gnó, fiú agus iad faoi bhrú.

Forbairt Caidreamh agus Cumarsáid

- Dul i mbun cumarsáide go soiléir, go deisbhéalach, agus le tionchar i gcaint agus i scríbhinn araon.
- Éisteacht go gníomhach le dearcaí daoine eile agus iarracht a dhéanamh iad a thuiscint.
- Aighneas a bhainistiú agus a réiteach ar shlí thairbheach agus dhearfach.
- Obair a dhéanamh go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitíochta, teannais pháirtithe leasmhar a aithint agus a bhainistiú.
- Ábalta dul i bhfeidhm ar dhaoine, comhréiteach a fhorbairt, agus comhoibriú a bhaint amach chun spriocanna a bhaint amach.
- A bheith i dteagmháil go réamhghníomhach le comhghleacaithe ar gach leibhéal agus in eagraíochtaí le líonraí láidre a fhorbairt.
- Tuairimí a chur in iúl nuair is cuí agus nuair is gá.

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt

- Oilteacht a fhorbairt agus a chothabháil i réimsí ábhartha, aitheanta go hinmheánach agus go seachtrach.
- Coinneáil cothrom le dáta maidir le polasaithe agus treochtaí rannóige, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Fócas láidir a chothabháil maidir le féinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna forbartha.

Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí

- Ag iarraidh ardfheidhmíocht a bhaint amach i gcónaí.
- Tiomantas láidir pearsanta, díograis, agus diongbháilteacht a léiriú agus ag coinneáil cothromaíochta agus ag fanacht stuama ag an am céanna.
- Cur go dearfach leis an gclár oibre corparáideach.
- Dul i mbun gníomhartha le macántacht, le hiontaofacht agus le meas – gealltanais a chomhlíonadh.
- A chinntiú go bhfuil saoránaigh i gcroílár gach seirbhíse.
- Acmhainneacht a léiriú agus guaim a choinneáil i gcásanna dúshlánacha.
- Cultúr maidir le hardchaighdeán eiticiúla agus ionracas a chur chun cinn.

Ceanglais maidir le Saoránacht

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith:

1. Ina shaoránach nó ina saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (EEA). Is iad Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua a dhéanann suas an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch; nó
2. Ina shaoránach nó ina saoránach den Ríocht Aontaithe (UK); nó
3. Ina shaoránach nó ina saoránach den Eilvéis, de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
4. Ina shaoránach nó ina saoránach de thír nach tír den Limistéar Eorpach Eacnamaíocht í a bhfuil cead Stampa 4 nó cead Stampa 5 aige nó aici.

Tabhair ar aird le do thoil: Meastar gurb ionann cead 50 TEU, atá in ionad an Stampa 4EUFAM i ndiaidh an Bhreathnaithe, agus Stampa 4.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoin dáta tairisceana maidir le haon phost.

Tabhair ar aird: Is treoir é an sainchuntas poist seo maidir le réimsí ginearálta freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart é a mheas mar liosta cuimsitheach. Féadfaidh sé a bheith faoi réir athbhreithnithe ag féachaint do struchtúir nua agus/nó riachtanais an Ghailearaí, ar riachtanais iad a bhíonn ag athrú. Éilítear ar gach fostaí nósanna imeachta scagtha Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlíonadh. Beidh an post faoi réir scrúdaithe sláinte sásúil agus tréimhse promhaidh a chur i gcrích go rathúil. Ní mór d'iarratasóirí Béarla a bheith ar a dtail acu agus a bheith incháilithe chun oibriú in Éirinn.

Téarmaí Ceapacháin

Grád agus Tuarastal: Beidh tuarastal an phoist i gcomhréir leis an scála pá do Phríomh-Oifigigh (PPC) de réir na gcoigeartuithe pá a socraíodh an 1 Meitheamh 2026. Is mar seo a leanas atá an scála tuarastail don phost seo:

€108,152 €112,741 €117,294 €121,883 €125,753 €129,768 LSI 1 €133,775 LSI 2

Beidh an tuarastal tosaigh ag an gcéad phointe den scála, €108,152 sa bhliain, nó ag pointe níos airde ar an scála, de réir mar is cuí don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi, má cheaptar é nó í ó ról reatha san earnáil phoiblí. (de réir Chiorclán 08/2019).

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt ar aird go gcomhlíonann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ceanglais agus treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le pá agus coinníollacha fostaíochta na Seirbhíse Poiblí.

Saoire Bhliantúil: Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi i dteideal 30 lá de shaoire bhliantúil (pro rata).

Aoisliúntas: Cuirfear an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi i scéim pinsin na hearnála poiblí.

Sochair: Tugann an Gailearaí deis don fhoireann páirt a ghlacadh sa scéim coigilteora cánach agus Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.

Tréimhse: Buan.

Uaire oibre: Lánaimseartha, 5 lá sa tseachtain – 35 uair an chloig sa tseachtain (glan ar shosanna). Tabhair ar aird le do thoil, go bhfuil gá a bheith solúbtha agus go bhféadfadh sé go mbeidh ar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi oibriú go déanach sa tráthnóna agus i rith an deireadh seachtaine ar uairibh.

Déanfar aon sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil agus iarratas á dhéanamh agat ar an bpost a phróiseáil de réir ár bh[Fógra Príobháideachais](#).

Conas Iarratas a Dhéanamh

Chun iarratas a dhéanamh ar an ról seo, cuir isteach d'iarratas ar líne le do thoil agus uaslódáil na doiciméid seo a leanas i bhformáid PDF:

- CV (níor chóir dul thar trí leathanach) ina bhfuil mionsonraí maidir le do ghnóthachtálacha agus taithí iomchuí go dtí seo.
- Litir chumhdaigh (níor chóir dul thar trí leathanach) ina leagtar amach cén fáth gur mian leat tú a mheas agus conas a chomhlíonann do chuid scileanna agus taithí riachtanais an ról.

Ní ghlacfar ach le hiarratais chomhlánaithe ina n-iomláine a chuirfear isteach roimh an dáta deiridh.

Féadfar gach ceist a bhaineann leis an ról a sheoladh tríd an bhfeidhm theachtaireachta laistigh de chóras iarratais Rezoomo, nó chuig an bhFoireann AD ag hrhelpdesk@ngi.ie.

An Próiseas Roghnúcháin

Folaíonn an próiseas roghnúcháin na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta do scagadh tosaigh iarrthóirí, agus dhá chéim agallaimh, lena n-áirítear cur i láthair a dhéanamh ag céim agallaimh.

An Painéal

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt ar aird go bhféadfar painéal a fhoirmiú ag deireadh an phróisis mheasúnaithe d'iarrthóirí a n-éireoidh leo bunaithe ar ord fiúntais as a bhféadfar poist a líonadh amach anseo.


An dáta deiridh le hiarratais a fháil: 01/11/2026.

Ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, tá meas againn ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, agus aithnímid na tairbhí a bhaineann leo dár bhfoireann agus dár gcuaisitheoirí. Fáiltímid roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí agus éispéiris éagsúla acu, agus táimid tiomanta fórsa oibre a fhorbairt lena léirítear na pobail a

bhfreastalaímid orthu. Cuir in iúl dúinn le do thoil má theastaíonn cóiríocht réasúnta uait ag aon chéim den phróiseas earcaíochta, agus beimid sásta tacú leat.

Is fostóir comhdheiseanna é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Struchtúr na hEagraíochta



Creidiúintí Grianghrafadóireachta

Clúdach, Lch 1: Fennell Photography

Lch 5: © Ar Cosaint ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Lch 7: © Ar Cosaint ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Lch 9: © Ar Cosaint ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Lch 12: Jack Caffrey, The Pimlico Project

Lch 13: © Ar Cosaint ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Lch 16: © Ar Cosaint ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann